OPW

# Láithreáin Oidhreachta na hÉireann

Baile Átha Cliath

Oirthear Ársa na hÉireann

Croílár Ceilte na hÉireann

Slí an Atlantaigh Fhiáin

# 2022

www.heritageireland.ie/ga/




## Ceannaigh Cárta Oidhreachta OOP agus faigh amach faoi oidhreacht iontach na hÉireann

Faigh léargas ar stair na hÉireann le Cárta Oidhreachta OOP a thugann cead isteach saor in aisce duit chuig gach láithreán oidhreachta atá á reáchtáil ag OOP sa tír ar feadh bliana. Má tá suim agat i ngairdíní áille, eaglaisí ársa nó caisleáin mhaorga, seo do dheis chun cuairt a thabhairt orthu.

Ná déan dearmad, is bronntanas iontach é Cárta Oidhreachta. Má tá aithne agat ar dhuine éigin a bhfuil dúshuim acu i stair na hÉireann, smaoinigh ar díol bliana de thurais lae a bhronnadh orthu.

**Cead Isteach Saor In Aisce** chuig níos mó ná daichead a cúig de na Láithreáin Oidhreachta is breátha in Éirinn.

**Cead Isteach Neamhtheoranta** do suas go haon bhliain amháin ón gcéad uair a úsáidtear iad.

**Duine fásta:** €40.00
**Páiste/Mac Léinn:** €10.00
**Seanóir:** €30.00
**Teaghlach:** €90.00

**Is féidir Cártaí Oidhreachta a cheannach ag láithreáin Oidhreachta atá rannpháirteach nó ar líne ag:**

**www.opwheritagecards.com**

# Eochair do na Siombailí

Tá áiseanna agus imeachtaí éagsúla ar fáil do chuairteoirí ag láithreáin oidhreachta na hÉireann. Tarraingíonn na siombailí atá in úsáid sa treoirleabhar seo aird ar chuid de na háiseanna agus imeachtaí atá ar fáil ag láithreáin ar leith.

- Baile Oidhreachta
- Leithris
- Closamhairc
- Conairí/Siúlóidí Dúlra
- Turas Treoraithe
- Leithris do dhaoine faoi mhíchumas
- Taispeántas
- Bus/Carrchlós
- Cead Isteach Teoranta
- Ionad Cuairteoirí
- Seomraí Tae
- Láthair Phicnicí

# Láithreáin Oidhreachta
# Baile Átha Cliath

OSCAILTE:
Satharn amháin

## 01 | Áras an Uachtaráin

Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8

**Blaiseadh de ghalántacht uachtaránachta**

Chuaigh Dubhghlas de hÍde, an chéad uachtarán ar Phoblacht na hÉireann, chun cónaithe anseo i 1938. B'áit chónaithe é do gach uachtarán ó shin.

T. 01 677 0095 / R. phoenixparkvisitorcentre@opw.ie

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 02 | Reilig Chnoc an Arbhair

Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7

**An áit adhlactha do cheannairí 1916**

Is í an reilig mhíleata ag Cnoc an Arbhair an áit adhlactha do 14 de na ceannairí ar Éirí Amach na Cásca 1916 a cuireadh chun báis.

T. 01 821 3021 / R. superintendent.park@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
18 Meitheamh –
06 Samhain 2022

## 03 | An Casino Marino

Corrán Chnocán na Silíní, le hais Bhóthar Mhullach Íde, Marino, Baile Átha Cliath 3

**Mion-sárshaothar ailtireachta na hÉireann**

Rinne Chambers é a dhearadh mar theach pléisiúir, is seoid d'ailtireacht nuachlasaiceach ón ochtú haois déag é, tá sé ar cheann de na foirgnimh is breátha den stíl sin san Eoraip.

T. 01 833 1618 / R. casinomarino@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 04 | Ionad Cuairteoirí Theach an Chustaim

Cé Theach an Chustaim, Plás Beresford, Baile Átha Cliath 1

**Scéalta faoi tógáil agus tine**

Mórshaothar de chuid an nuachlasaiceachais Eorpaigh agus sainchomhartha íocónach cois abhann a rinneadh san ochtú haois déag i gcathair Bhaile Átha Cliath.

T. 046 940 7140 / R. customhousevc@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 05 | Caisleán Bhaile Átha Cliath

Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2

**Croílár chumhacht stairiúil in Éirinn**

Téann stair an chaisleáin siar go ré na Lochlannach agus tógadh an caisleán féin sa tríú haois déag; bain taitneamh as árasáin an stáit, an uaimh agus an séipéal ríoga.

T. 01 645 8813 / R. dublincastle@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**10 Márta – 31 Nollaig 2022**

## 06 | Teach agus Eastát Farmleigh

Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 15

**Teach mór eicléictiúil Éadbhardach**

Is eastát 78 acra é Farmleigh, laistigh de Pháirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath a bhfuil teach mór, gailearaí, feirm oibre, loch agus gairdíní ann agus ba leis an teaghlach Guinness é san am a chuaigh thart.

T. 01 815 5914 / R. farmleighguides@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 07 | An Gairdín Cuimhneacháin

Cearnóg Pharnell Thoir, Baile Átha Cliath 1

**Cuimhneachán suaimhneach i gcroílár chathair Bhaile Átha Cliath**

Gairdín álainn i lár na cathrach, atá tiomnaithe i gcuimhne ar 'na daoine go léir a fuair bás ar son shaoirse na hÉireann'.

T. +01 821 3021 / R. superintendent.park@opw.ie

OSCAILTE:
**Satharn amháin**

## 08 | Tithe an Rialtais

Tithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uachtarach, Baile Átha Cliath 2

**Mol oibre do ghnó an stáit**

Ionad maorga Thithe an Rialtais ar Shráid Mhuirfean Uachtarach, béal dorais le Teach Laighean.

T. 01 645 8813

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 09 | Gráinseach Ghormáin Reilig Mhíleata

Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7

**Ag cuimhneamh ar shaighdiúirí Impireacht na Breataine a maraíodh**

Tá Gráinseach Ghormáin ar an reilig mhíleata is mó in Éirinn.

T. +01 821 3021 / R. superintendent.park@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 10 | Gairdíní Náisiúnta Cuimhneacháin Cogaidh na hÉireann

Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8

**Déan machnamh sa séadchomhartha gairdín álainn seo**
Tá na Gairdíní tiomnaithe i gcuimhne ar 49,400 saighdiúir Éireannach a bhásaigh sa Chéad Chogadh Domhanda.

T. 01 475 7816 / R. parkmanager@opw.ie

ÁISEANNA:

P

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 11 | Gairdíní Uíbh Eachach

Sráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath 2

**Mothú an iontais i 'ngairdín rúnda' Bhaile Átha Cliath**

Ba é Ninian Niven a rinne iad a dhearadh in 1865 mar na tailte do Phálás Taispeántais Bhaile Átha Cliath agus tá bailiúchán uathúil de ghnéithe sna gairdíní.

T. 01 475 7816 / R. parkmanager@opw.ie

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 12 | Príosún Chill Mhaighneann

Bóthar Inse Chór, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8

**Séadchomhartha ar náisiúnachas na hÉireann**

Ón uair ar osclaíodh é i 1796, tharla roinnt de na himeachtaí ba chróga agus ba thragóidí mar chuid de theacht chun cinn na hÉireann mar náisiún nua-aimseartha i bPríosún Chill Mhaighneann.

T. 01 4535984 / R. kilmainhamgaol@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 13 | Garraithe Náisiúnta na Lus

Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9

**Tearmann glas san ardchathair**

Tá breis agus 15,000 speiceas plandaí agus saothróg ann. Is í an tseoid is luachmhaire sna garraithe ná sraith de thithe gloine stairiúla atá athchóirithe go galánta agus plandaí curtha iontu.

T. 01 857 0909 / R. botanicgardens@opw.ie

ÁISEANNA:

P

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 14 | Músaem an Phiarsaigh – Páirc' Naomh Éanna

Páirc Naomh Éanna, Bóthar na Gráinsí, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16

**Caibidil fhíorshuimiúil i scéal 1916**
Ba san fhoirgneamh seo a bhí cónaí ar cheannaire Éirí Amach 1916, Pádraig Mac Piarais.

T. 01 493 4208 / R. pearsemuseum@opw.ie

ÁISEANNA:

P

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 15 | Páirc an Fhionnuisce

Baile Átha Cliath 8

**An áit a nglactar anáil i mBaile Átha Cliath**

Is í Páirc an Fhionnuisce an pháirc phoiblí is mó in aon phríomhchathair san Eoraip a bhfuil fál timpeall uirthi (agus achar de 700 heicteár inti). Tá cónaí ar thréad mór fianna buí ann go fóill.

T. 01 821 3021 / R. superintendent.park@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 16 | Páirc an Fhionnuisce – Gairdíní Bláthanna an Phobail

Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8

**Bain sult as bhláthshaothrú Victeoiriach den scoth**

Gairdín bláthanna Victeoiriach atá dúnta isteach agus bearrtha go néata.

T. 01 821 3021 / R. superintendent.park@opw.ie

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 17 | Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce – Caisleán Bhaile an Ásaigh

Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8

**Seoid mheánaoiseach athaimsithe agus a diméin**
Tá taispeántas suimiúil ann de stair / fiadhúlra na páirce.

T. 01 677 0095 / R. phoenixparkvisitorcentre@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 18 | Caisleán Ráth Fearnáin

Bóthar na Gráinsí, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14

**Caisleán Eilíseach inspioráideach**

Is sár-eiseamláir é Caisleán Ráth Fearnáin, lena cheithre thúr taobhthógála, de theach daingnithe in Éirinn. Go déanach san ochtú haois déag, rinneadh an teach a athchóiriú ar scála iontach.

T. 01 493 9462 / R. rathfarnhamcastle@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 19 | Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann

An Bóthar Míleata, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8

**Ó áras seansaighdiúirí go háras ealaíne**
Foirgneamh iontach maorga a tógadh i ndeireadh an seachtú haois déag sa stíl chlasaiceach é seo a bhfuil séipéal, halla mór, gairdíní foirmiúla, reiligí agus stiúideonna ealaíontóirí anois ann.

T. 01 643 7700 / R. rhktours@opw.ie

ÁISEANNA:

28





03

28 **Teach agus Fearann Páirce Bhaile an Chaisleáin**
Cill Droichid, Co. Chill Dara

03 **Casino Marino**
Corrán Chnocán na Silíní, le hais Bhóthar Mhullach Íde, Marino, Baile Átha Cliath 3



23



26



17

23 **Gairdíní na Carraige**
An Charraig, An Tulach, Co. Cheatharlach

26 **Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne**
Droichead Átha, Co. na Mí

17 **Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce – Caisleán Bhaile an Ásaigh**
Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8

OSCAILTE:

03 Meitheamh – 31 Deireadh Fómhair 2022

## 20 | Eaglais San Audoen

Margadh an Arbhair (in aice leis an tSráid Ard),
Baile Átha Cliath 8

**Séipéal meánaoiseach i gcroílár shaol na cathrach**

Is í Eaglais San Audoen an t-aon eaglais pharóiste ó ré na meánaoise atá fós sa phríomhchathair. Tá sí tiomnaithe d'easpag Rouen ón seachtú haois agus éarlamh na Normainne.

T. 01 677 0088 / R. staudeonschurch@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:

An bhliain ar fad

## 21 | Faiche Stiabhna

Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

**Seoid chathartha ó ré Victoria i gcroílár Bhaile Átha Cliath**

Osclaíodh an spás glas 9 heicteár seo in 1880 agus tá sé leagtha amach mar a bhí sé sa tréimhse Victeoiriach.

T. 01 475 7816 / R. info@heritageireland.ie

ÁISEANNA:

# Láithreáin Oidhreachta Oirthear Ársa na hÉireann

OSCAILTE:

08 Aibreán – 22 Meán Fómhair 2022

Dúnta Dé Máirt agus Dé Céadaoin ó hAibreán – Meitheamh

## 22 | Gairdíní Gharrán Áine

Baile Chaisleáin an Róistigh, Contae Chorcaí

**Parthas gairneoireachta i dTuaisceart Chorcaí**

Gairdíní iontacha le tábhacht idirnáisiúnta, tá gairdín coillearnaí, gairdín abhann, gairdín le balla, móinéar le bláthanna fiáine agus linn le lilí ann.

T. 022 26145 / R. annesgrove@eircom.net

OSCAILTE:

An bhliain ar fad

Gairdíní ar oscailt

SEIRBHÍS TREORAÍ:

Bealtaine – Meán Fómhair

## 23 | Gairdíní Altamont

An Charraig, An Tulach, Co. Cheatharlach

**Gairdíní den seandéanamh**

Eastát mór álainn ina bhfuil 16 heicteár san iomlán is ea Gairdíní Altamont, leagtha amach i stíl William Robinson.

T. 059 915 9444 / R. altamontgardens@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann:
**www.heritageireland.ie/ga/**

## 24 | Caisleán Bhaile Hac

Baile Hac, Colmán, Co. Loch Garman

**Faigh blaiseadh de shaol na Meánaoiseanna**
Ceaptar gurb iad Spidiléirí Naomh Eoin a thóg an túrtheach daingean seo thart ar an mbliain 1450.

T. 051 389 468 / R. breda.lynch@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 25 | Cath na Bóinne

Ionad Cuairteoirí Chath na Bóinne, Teach an tSeandroichid, An Seandroichead, Droichead Átha, Contae na Mí

**Áit ar throid beirt ríthe ar mhaithe le todhchaí na hEorpa**
Ar an 1 Iúil 1690 tharla cath anseo agus mar thoradh, athraíodh mór-roinn na hEorpa go deo.

T. 041 980 9950 / R. battleoftheboyne@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 26 | Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne – Sí an Bhrú agus Cnóbha

Dún Uabhair, Co. na Mí

**An tírdhreach seandálaíochta is luachmhaire in Éirinn**
Is Láithreán Oidhreachta Domhanda é seo a bhfuil clú agus cáil air mar gheall ar a chuid tuamaí pasáiste.

T. 041 988 0300 / R. brunaboinne@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 27 | Caisleán na Cathrach

Sráid an Chaisleáin, An Chathair, Co. Thiobraid Árann

**Daingean cosanta ón tríú haois déag**
Tá Caisleán na Cathrach ar cheann de na caisleáin is mó agus is fearr a bhfuil bail air in Éirinn. Tógadh an caisleán sa tríú haois déag agus seasann sé go maorga ar oileán creagach ar an tSiúir.

T. 052 744 1011 / R. cahircastle@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**07 Aibreán – 23 Deireadh Fómhair 2022**

## 28 | Teach agus Fearann Páirce Bhaile an Chaisleáin

Cill Droichid, Co. Chill Dara

**An chéad teach mór Pallaidiach in Éirinn agus an ceann is breátha**
Tá bailiúchán suntasach pictiúr, troscáin agus 'objets d'art sa teach mór.

T. 01 6128 8252 / R. castletown@opw.ie

ÁISEANNA:

29

# Eastát Dhún ar Aill

Dún ar Aill, Co. Chorcaí

OSCAILTE:

**27 Eanáir – 28 Meán Fómhair 2022**

Páirc ar oscailt / An chúirt dúnta

## 'Leagan fíorshaoil de Downton Abbey' i dTuaisceart Chorcaí

Seasann Cúirt Dhún ar Aill go maorga os cionn Páirc aoibhinn Dhún ar Aill, eastát 160 heictéar d'fhearann páirce agus fiadhúlra a bhfuil tírdhreachtú déanta air.

Teaghlach St Leger a thóg an teach thart ar 1645 ar shuíomh ina raibh fothrach caisleáin. Faoin am a ndearnadh athchóiriú air i lár an ochtú haois déag bhí sé ina shár-eiseamláir den ailtireacht Sheoirseach. I measc a chuid gcomhcheangal tá baint aige le St Leger Stakes iomráiteach i rásaíocht capall agus le litríocht, le scríbhneoirí cáiliúla Éireannacha ar nós Elizabeth Bowen.

Bhí trí ghlúin déag de theaghlach St Leger ag cur fúthu i nDún ar Aill ar feadh trí chéad bliain. Bhain roinnt ball neamhghnách leis an teaghlach. Bhain Elizabeth St Leger, cur i gcás, ainm amach di féin nuair a rinneadh an chéad bhean ar domhan de chuid na Máisiúnach di i 1712.

T. 046 942 3175 / R. donerailecourt@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann:
**www.heritageireland.ie/ga/**

## 30 | Caisleán Dhún Garbhán

Sráid an Chaisleáin, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge

**Tús riail na nAngla-Normannach in Éirinn**

Tógadh é thart ar an mbliain 1209 chun an bealach isteach chuig Cuan Dhún Garbhán a chosaint. Tá an daingean cuasach polagánach – cineál foirgnimh atá neamhchoitianta in Éirinn.

T. 058 48144 / R. charlesfort@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
**Dúnta mar gheall ar oibreacha**

## 31 | Dearc Fhearna

Maothail, Baile an Phoill, Bóthar Chaisleán an Chomair, Cill Chainnigh

**Áit a dtagann stair agus geolaíocht le chéile**
Sraith de phluaiseanna aolchloiche a foirmíodh thar na milliúin blianta is ea Dearc Fhearna. Is ann atá cuid de na foirmíochtaí cailcíte is suntasaí atá le fáil in aon struchtúr faoi thalamh in Éirinn.

T. 056 776 7726 / R. dunmorecaves@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

Páirc ar oscailt

Teach dúnta

SEIRBHÍS TREORAÍ:

Aibreán – Meán Fómhair
Turais taobh amuigh amháin

## 32 | Cúirt Ioma

Ioma, Co. Laoise

**Sárshampla den ailtireacht nuachlasaiceach**

Sampla den scoth de Theach Mór nuachlasaiceach is ea Cúirt Ioma. Is eiseamláir de dhearadh tírdhreacha sa stíl nuachlasaiceach iad na gairdíní, ina bhfuil faichí foirmiúla, loch agus siúlóidí coille.

T. 057 862 6573 / R. emocourt@opw.ie

OSCAILTE:
**09 Meitheamh – 06 Deireadh Fómhair 2022**

## 33 | Caisleán Fhearna

A Cearnóg, Fearna, Co. Loch Garman

**I gcliabhán thiarnas na nAngla-Normannach**

Ba é William Marshall a thóg an caisleán thart ar 1200. I dtús báire, bhí an caisleán i bhfoirm chearnóige, agus túir mhóra sna cúinní.

T. 053 9366411 / R. fernscastle@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 34 | Crannlann agus Gairdíní Fhóite

Teach Míomóis, Eastát Fhóite, Carraig Thuathail, Co. Chorcaí

**Téigh ag fámaireacht thart ar ósais oileánda de fhlóra neamhchoitianta andúchasacha**
Ní mór do dhuine ar bith a bhfuil suim aige nó aici sa ghairneoireacht cuairt a thabhairt ar chrannlann agus ar ghairdíní Oileán Fhóite.

T. 021 481 5543 / R. fota.arboretum@opw.ie

ÁISEANNA:

P

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 35 | Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch

Gleann Dá Loch, Bré, Co. Chill Mhantáin

**Gleann tearmainn do naoimh agus do scoláirí**

Bunaíodh an láthair mhainistreach cáiliúil seo sa séú haois. Tá cloigtheach iontach, séipéil cloiche ó na meánaoiseanna agus roinnt cros maisithe ann.

T. 0404 45352 / R. glendaloughbookings@opw.ie

ÁISEANNA:

P

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 36 | Gairdíní Heywood

Baile na Coille, Co. Laoise

**Tírdhreach suaimhneach agus rómánsúil ar thaobh cnoic**

Mar chuid den tírdhreach mealltach seo ón ochtú haois déag ag Gairdíní Heywood, a dhear Lutyens, tá gairdíní, lochanna, coillearnach agus roinnt gnéithe ailtireachta iontacha.

T. 086 810 7916 / R. emocourt@opw.ie

ÁISEANNA:

P



35



32

35 **Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch**
Gleann Dá Loch, Bré, Co. Chill Mhantáin

32 **Cúirt Ioma**
Ioma, Co. Laoise



38

40





41

38 **Mainistir Sheireapúin**
Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh

40 **Caisleán Chill Chainnigh**
An Pharáid, Cathair Chill Chainnigh

41 **Loch Craobh**
Baile an Chorraigh, An Seanchaisleán, Co. na Mí

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann: **www.heritageireland.ie/ga/**

## 37 | Teamhair

An Uaimh, Co. na Mí

**Faigh blaiseadh d'oidhreacht na n-ardríthe**

Tá tábhacht ag baint le Cnoc na Teamhrach ón gClochaois dhéanach ach bhain fíorshuntas leis san Iarannaois mar lárionad ardríthe na hÉireann.

T. 046 902 5903 / R. hilloftara@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**03 Márta – 30 Samhain 2022**

## 38 | Mainistir Sheireapúin

Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh

**Ceann de na fothraigh Cistéirseacha is breátha in Éirinn**

Tá sí ar cheann de na samplaí is fearr de Mhainistir Chistéirseach, le stuaraí clabhstair maisithe.

T. 056 772 4623 / R. jerpointabbey@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**09 Meitheamh – 05 Meán Fómhair 2022**

## 39 | Prióireacht Cheanannais

Prióireacht Cheanannais, Ceanannas, Co. Chill Chainnigh

**Tabhair cuairt ar an suíomh eaglasta iata is mó in Éirinn**

Iarsmaí fairsinge de phrióireacht na dara haoise déag le feiceáil go fóill. Clúdaíonn sí chóir a bheith 1.25 heicteár agus tá balla mainistreach dúnta ann le 7 gcloigtheach.

T. 056 772 4623 / R. jerpointabbey@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 40 | Caisleán Chill Chainnigh

An Pharáid, Cathair Chill Chainnigh

**An tseoid is luachmhaire i gcoróin Chathair Chill Chainnigh**

Tógadh Caisleán Chill Chainnigh sa dara haois déag agus tá sé maisithe san áilleacht a bhain leis na 1830idí agus tá Gailearaí Pictiúr álainn ann.

T. 056 770 4100 / R. kilkennycastleinfo@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann: **www.heritageireland.ie/ga/**

## 41 | Loch Craobh

Baile an Chorraigh, An Seanchaisleán, Co. na Mí

**Buaicphointe na healaíne agus an dearaidh Neoilitigh**

Is grúpa tuamaí ársa iad na Leachtanna Loch Craobh, a théann siar chomh fada le 3000 RCh. Tá cuid de na samplaí is áille d'ealaín Neoiliteach na hÉireann ann.

T. 087 052 4975 / R. info@heritageireland.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann:
**www.heritageireland.ie/ga/**

## 42 | Caisleán Mhaigh Nuad

Maigh Nuad, Co. Chill Dara

**Spléachadh ar shaol i ndaingean Normannach**
Bunaíodh an caisleán cloiche maorga seo go luath sa tríú haois déag agus bhí sé mar chroílár na cumhachta polaitíochta agus an chultúir.

T. 01 628 6744 / R. maynoothcastle@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 43 | Garraithe Náisiúnta na Lus – Cill Mochura

Cill Bhríde, Cill Mhantáin

**Tearmann ina bhfuil togha agus rogha na gairneoireachta**
Tógadh an gairdín luibheolaí iontach seo le linn tréimhse ina raibh fás as cuimse ag teacht ar bhailiúchán luibheolaíochta.

T. 0404 48844 / R. botanicgardens@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
**26 Bealtaine – 04 Meán Fómhair 2022**

## 44 | An tSeanmhainistir Mhór

Tulaigh Álainn, Droichead Átha, Contae Lú

**Tabhair cuairt ar an gcéad áit ar bhunaigh na Cistéirsigh in Éirinn**
Cruthaíodh an Mhainistir Mhór in 1142 agus tá roinnt gnéithe iontacha ailtireachta inti, ina measc, tá lavabo ochtagánach dhá stór ann.

T. 041 982 6459 / R. mellifontabbey@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
**01 Aibreán – 06 Samhain 2022**

## 45 | Caisleán Urmhumhan

Páirc an Chaisleáin, Carraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann

**Aimsigh seoid Thúdarach**
Is é Caisleán Urmhumhan an sampla is breátha in Éirinn de theach mainéir ó ré Eilíse. Is é an 10ú Iarla Urmhumhan a thóg é i 1565, in ómós dá chol ceathrar, an Bhanríon Eilís.

T. 051 640787 / R. ormondcastle@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 46 | Túr Reginald

An Ché, Port Láirge

**Téigh isteach san fhoirgneamh pobail is sine in Éirinn**
Tógadh tús báire é mar dhúnfort Lochlannach ach is iad na hAngla-Normannaigh a thóg an túr cloiche atá le feiceáil againn anois agus ba é an túr an pointe ba láidre sna ballaí cosanta meánaoiseacha.

T. 051 304220 / R. reginaldstower@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 47 | Carraig Phádraig

Carraig Phádraig, Caiseal, Co. Thiobraid Árann

**Ard-Rí shéadchomharthaí na hÉireann**
Cuimsíonn Carraig Phádraig, atá suite ar lomán aolchloiche i Machaire Méith na Mumhan, an cnuasach d'fhoirgnimh mheánaoiseacha is iontaí in Éirinn.

T. 062 61437 / R. rockofcashel@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann:
**www.heritageireland.ie/ga/**

## 48 | Ionad Oidhreachta Ros Cré – Caisleán Ros Cré agus Teach Damer

Sráid an Chaisleáin, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann

**Áit a léiríonn cumhacht mheánaoiseach agus galántacht ón ochtú haois déag**
Tá caisleán iontach ann, chomh maith le Teach Damer. Is eiseamláir shlachtmhar den ailtireacht réamh-Phallaidiach é an teach. Tá muileann athchóirithe ann freisin ina bhfuil ardchros.

T. 0505 21850 / R. roscreaheritage@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
12 Bealtaine – 24 Lúnasa 2022

## 49 | Teampall Mhuire, Gabhrán

Gabhrán, Co. Chill Chainnigh

**Eaglais ina bhfuil clocha oghaim, samhlacha de ridirí agus cuimhneacháin nuachlasaiceacha**
Tógadh an eaglais seo ag deireadh an tríú haois déag agus tá pasáistí ann i gcorp na heaglaise, tá saingeal agus túr ann, chomh maith le snoiteáin chloiche den scoth.

T. 056 772 6894 / R. breda.lynch@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
10 Márta – 06 Samhain 2022

## 50 | An Teach Eilvéiseach

Bóthar Ard Fhíonáin, An Chathair, Co. Thiobraid Árann

**Fantaisíocht aoibhinn faoi shaol na tuaithe**
Tógadh an Teach Eilvéiseach go luath sa naoú haois déag agus is eiseamláir den scoth é de 'Teachín orné.' Dhear John Nash, ailtire mór le rá i dtréimhse na Leasríochta, é.

T. 052 744 1144 / R. swisscottage@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 51 | Crannlann agus Páirc Chuimhneacháin John F. Kennedy

Baile Sop, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

**Crannlann atá ar mhéid uachtaránachta**
252 heicteár atá ann a chuimsíonn 4,500 cineál crainn agus toir, 200 plásán foraoise, róslabhrais agus mionbhuaircínigh.

T. 046 9423490 / R. jfkarboretum@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
10 Aibreán –
21 Meán Fómhair 2022

## 52 | Daingean an Phríomhgharda

Sráid an tSáirséalaigh, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann

**Teach cúirte a bhfuil na céadta bliain den stair faoina chuid áirsí**
Tógadh sa seachtú haois déag é agus is foirgneamh breá siméadrach dhá stór é

T. 052 612 7484 / R. mainguard@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
10 Márta –
01 Samhain 2022

## 53 | Mainistir Thinteirn

Muileann an tSáile, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

**Áit a raibh manaigh ag obair go dian agus áit inar cruthaíodh oidhreachtaí**
Bhunaigh William Marshal an mhainistir Chistéirseach álainn seo thart ar an mbliain 1200. Tá corp na heaglaise, an saingeal, an túr, an séipéal agus an clabhstra ina seasamh go fóill.

T. 051 562650 / R. tinternabbey@opw.ie

ÁISEANNA:

54

# Caisleán Bhaile Átha Troim

Baile Átha Troim, Co. na Mí

OSCAILTE:
12 Feabhra – 02 Samhain 2022

### An siombail is mó le rá de chaithréim na Normannach

Is beag áit in Éirinn a bhfuil an oiread foirgneamh meánaoiseach iontu agus atá i mbaile oidhreachta Bhaile Átha Troim. Tá Caisleán Bhaile Átha Troim ar an gceann is iomráití i dtaca leis na foirgnimh sin.

Go deimhin, is é an caisleán daingnithe Angla-Normannach is mó in Éirinn. Chaith Hugh de Lacy agus a chomharbaí 30 bliain á thógáil.

Is túr ollmhór trí stór é an daingniú sa lár. Bhí an túr ollmhór sin, a bhfuil 20 taobh agus cruth croschruthach air, nach mór do-ionsaithe lá dá raibh. Bhí sé á chosaint ag díog, imbhalla agus móta a bhí líonta le huisce.

Tá deis agat anois radharc a fháil ar an taobh istigh den túr le siúlbhealaí nua-aimseartha – deis chun tuiscint a fháil ar mhéid agus ar thiús bhallaí an chaisleáin.

T. 046 943 8619 / R. trimcastle@opw.ie

ÁISEANNA:



50



51



54

50 **An Teachín Eilvéiseach**
An Chathair, Contae Thiobraid Árann

51 **Crannlann agus Páirc Chuimhneacháin John F. Kennedy**
Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

54 **Caisleán Bhaile Átha Troim**
Baile Átha Troim, Co. na Mí



57

62





58

57 **Cluain Mhic Nóis**
Droichead na Sionainne, Baile Áth Luain, Co. Uíbh Fhailí

62 **Caisleán agus Gairdíní Phort Omna**
Port Omna, Co. na Gaillimhe

58 **Ionad Cuairteoirí Chonair na Coirre Léithe**
Caonach, Co. Longfoirt

# Láithreáin Oidhreachta
# Croílár Ceilte na hÉireann

OSCAILTE:
24 Márta –
06 Samhain 2022

## 55 | Caisleán Bhaile Átha an Rí

Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

**Suaitheantas de thiarnas na Normannach**
Tá an halla-dhaingean maorga trí stór ann ó lár an tríú haois déag agus níl ann ach halla ar an gcéad urlár agus seomraí stórais dorcha in íochtar.

T. 091 844797 / R. athenrycastle@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
24 Márta –
21 Meán Fómhair 2022

## 56 | Mainistir na Búille

Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin

**Téigh siar i stair na mainistreacha in Éirinn**
Bhí sí ar cheann de na mainistreacha luatha ba chumhachtaí a bhunaigh na Cistéirsigh in Éirinn agus i measc na gceann ba thábhachtaí i gCúige Chonnacht.

T. 071 966 2604 / R. boyleabbey@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 57 | Cluain Mhic Nóis

Cluain Mhic Nóis, Droichead na Sionainne, Baile Átha Luain, Co. Uíbh Fhailí

**Áit naofa i gcroílár na hÉireann**
Is i bhfothrach Cluain Mhic Nóis atá an bailiúchán is mó de leaca uaighe luath-Chríostaí in iarthar na hEorpa, chomh maith le ardeaglais, seacht n-eaglais meánaoiseacha agus dhá cloigtheach.

T. 090 9674195 / R. clonmacnoise@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
31 Márta –
04 Deireadh Fómhair 2022

## 58 | Conair na Coirre Léithe Ionad Cuairteoirí

Ionad Chonair na Coirre Léithe, Caonach, Co. Longfoirt

**Cosán isteach sa stair**
Is bóthar ón Iarannaois é seo, a tógadh in 148 RCh. Is é an ceann is mó dá shórt é a nochtadh san Eoraip.

T. 043 332 2386 / R. corlea@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

## 59 | Teach Cogaidh an Ghorta Mhóir 1848

Baile an Gharraí, Co. Thiobraid Árann

**Suíomh neamhghnách inar tharla eachtra fhuilteach**
Gnáth-theach feirme, áit a tharla léigear fuilteach agus anois atá mar leacht cuimhneacháin ar Éirí Amach na nÉireannach Óg i 1848.

T. 087 908 9972 / R. info@heritageireland.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann:
**www.heritageireland.ie/ga/**

## 60 | Caisleán an Aonaigh

Sráid Uí Rathaille, An tAonach, Co. Thiobraid Árann

**An daingean sorcóireach is breátha in Éirinn**
Tógadh an caisleán seo sa tríú haois déag agus tá sé 30 méadar ar airde, le ballaí atá 6 méadar ar tiús in áiteanna.

T. 067 33850 / R. castlenenagh@gmail.com

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
**24 Márta – 26 Deireadh Fómhair 2022**

## 61 | Caisleán Parke

An Choill Mhór, Abhainn an Chartúin, Co. Liatroma

**Lean lorg na bplandálaithe agus na nGael**
Is caisleán athchóirithe é a tógadh go luath sa seachtú haois déag agus ba ann a bhí cónaí ar an bplandálaí Sasanach, Robert Parke.

T. 071 916 4149 / R. parkescastle@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
**25 Márta – 06 Samhain 2022**

## 62 | Caisleán agus Gairdíní Phort Omna

Port Omna, Co. na Gaillimhe

**Breáthacht ón seachtú haois déag ar bhruacha Loch Deirgeirt**
Is sampla ar leith é an caisleán d'ailtireacht idirthréimhseach na hÉireann ag tús an séú haois déag.

T. 090 974 1658 / R. portumnacastle@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**

Luan go Satharn

## 63 | Ráth Cruachan

Cruachan Aí, Tuilsce, An Caisleán Riabhach, Co Ros Comáin

**Baile na banríona agus na gaiscígh Medb as Cúige Chonnacht**
Tá breis agus 240 láithreán seandálaíochta suite thar chúpla ciliméadar de thírdhreach Ros Comáin ag Ráth Cruachan.

T. 071 963 9268 / R. info@rathcroghan.ie

ÁISEANNA:

# Láithreáin Oidhreachta
# Slí an Atlantaigh Fhiáin

OSCAILTE:
31 Márta –
28 Meán Fómhair 2022

## 64 | Ardeaglais Ard Fhearta

Ard Fhearta, Trá Lí, Co. Chiarraí

**Trí shéipéal meánaoiseacha tiomanta do Naomh Breandán**
Tá fuinneog iontach ón tríú haois déag ann agus sraith thaibhseach de naoi bhfuinneog chaola sa bhalla ó dheas.

T. 066 713 4711 / R. ardfertcathedral@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
07 Aibreán –
02 Samhain 2022

## 65 | Caisleán Eas Géitine

Eas Géitine, Co Luimnigh

**Daingean meánaoiseach a théann siar go 1199**
Tá an halla cóisire ar cheann de na foirgnimh is breátha in Éirinn ó thréimhse na meánaoiseanna. Tá cuid den túr scriosta, ach tháinig roinnt fuinneoga breátha agus tinteán gleoite de chuid na meánaoiseanna slán.

T. 085 801 3385 / R. askeatoncastle@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
23 Márta –
13 Samhain 2022

## 66 | Caisleán Achadh na nIúr

Achadh na nIúr, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe

**Seoid stairiúil i gcroílár Chonamara**
Sa lá atá inniu ann, feicfidh tu fothrach halla cóisire, túr faire, bábhún dúbailte neamhghnách, urdhúin agus cuan tirim.

T. 091 552214 / R. aughnanurecastle@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
24 Márta –
02 Samhain 2022

## 67 | Reilig Mheigiliteach na Ceathrú Móire

An Cheathrú Mhór, Sligeach

**Cnuasach iontach suntasach de thuamaí cloiche ársa**
An reilig is mó de thuamaí meigiliteacha in Éirinn.

T. 071 916 1534 / R. carrowmoretomb@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
10 Meitheamh –
06 Samhain 2022

## 68 | Achaidh Chéide

Gleann Iolra, Baile an Chaisil, Co. Mhaigh Eo

**An séadchomhartha Clochaoise is fairsinge ar domhan**
Thíos faoin talamh seo tá an séadchomhartha Clochaoise is fairsinge ar domhan ina bhfuil córas páirceanna, limistéir chónaithe agus tuamaí meigiliteacha.

T. 096 43325 / R. ceidefields@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 69 | Daingean Rinn Chorráin

Summer Cove, Cionn tSáile, Co. Chorcaí

**Daingean míleata réaltchruthach**
Is struchtúr ollmhór réaltchruthach ón seachtú haois déag é Daingean Rinn Chorráin.

T. 021 477 2263 / R. charlesfort@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
17 Márta – 11 Nollaig 2022

## 70 | Tigh Mór Dhoire Fhíonáin

Cathair Dónall, Co. Chiarraí

**Baile dúchais Dhónaill Uí Chonaill**
Is baile dúchais dhuine de na pearsana is tábhachtaí i stair na hÉireann é Tigh Mór Dhoire Fhíonáin – Dónall Ó Conaill, a dtugtaí 'an Fuascailteoir' air.

T. 066 947 5113 / R. derrynanehouse@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
01 Meitheamh –
30 Meán Fómhair 2022

## 71 | Caisleán Dheasumhan Áth Dara

Ionad Oidhreachta Áth Dara, Áth Dara, Co. Luimnigh

**Sárshaothar meánaoiseach, a tógadh mar chosaint**
Is eiseamláir é Caisleán Dheasumhan Áth Dara de chaisleán daingnithe meánaoiseach in Éirinn.

T. 061 396666 / R. info@adareheritagecentre.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
Dúnta mar gheall
ar oibreacha

## 72 | Caisleán Iarla Dheasumhan, Cionn tSáile

Sráid Chorcaí, Cionn tSáile, Co. Chorcaí

**Bhí sé aitheanta go háitiúil mar an Príosún Francach**
Tógadh an caisleán ar dtús mar theach custaim thart ar 1500.

T. 021 477 4855 / R. desmondcastle@opw.ie

ÁISEANNA:



75



73

75 **Dún Aonghasa**
Inis Mór, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe

73 **Caisleán Dheasumhan – An Caisleán Nua Thiar**
An Caisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh



79

84





87

79 **Oileán an Chuilinn**
Beanntraí, Co. Chorcaí

84 **Muilte Arbhair agus Lín an Mhuilinn Úir**
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall

87 **Sceilg Mhichíl**
Co. Chiarraí

OSCAILTE:
07 Aibreán – 26 Samhain 2022

## 73 | Caisleán Dheasumhan – An Caisleán Nua Thiar

An Chearnóg, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh

**Áit a ndéanann fuaimeanna ragairne na meánaoise macalla timpeall na mballaí**
Bhí féastaí flaithiúla san áit seo go minic.

T. 069 77408 / R. desmondhall@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

Dúnta gach Dé Máirt agus ó lár Mheán Fómhair go dtí an Cháisc

## 74 | Caisleán Dhún na nGall

Sráid an Chaisleáin, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall

**Ceann de na caisleáin Ghaelacha is áille in Éirinn**
Ba é Aodh Rua Ó Domhnaill a thóg an caisleán seo mar a dhaingean pearsanta sa chúigiú haois déag.

T. 074 972 2405 / R. donegalcastle@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 75 | Dún Aonghasa

Inis Mór, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe

**An dún cloiche is suntasaí in iarthar na hEorpa**
Tugann Dún Aonghasa a aghaidh go dána ar an Aigéan Atlantach.
Is é an caiseal réamhstairiúil is mó ar Oileáin Árann.

T. 099 61008 / R. dunaonghasa@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
01 Aibreán – 02 Samhain 2022

## 76 | Mainistir na hInse

Sráid na Mainistreach, Inis, Co. an Chláir

**Féach le haoibhneas ar shnoiteáin fhíoráille na hAthbheochana**
Laistigh den fhoirgneamh tá flúirse de dhealbhóireacht ón gcúigiú agus ón séú haois déag, snoite in aolchloch chrua na háite.

T. 065 682 9100 / R. ennisfriary@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:
16 – 24 Aibreán 2022

05 Meitheamh – 16 Samhain 2022

## 77 | Teach agus Gailearaí Ghléibe

An Ghléib, Mín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall

**Fiosraigh bailiúchán ealaíne den chéad scoth**
Téann stair an tí mhaorga seo i stíl na Leasríochta siar go dtí 1828. Bhí cónaí ar an bpéintéir aitheanta Derek Hill anseo agus ba ann a d'oibrigh sé ó na 1950idí go dtí na 1980idí.

T. 074 913 7071 / R. glebegallery@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**An bhliain ar fad**
Luan go hAoine

## 78 | Halla an Iarla Dheirg

Lána an Draoi, Co. na Gaillimhe

**Láithreán seandálaíochta i gcroílár na Gaillimhe**
Iarsmaí seandálaíochta Halla an Iarla Dheirg, ón 13ú haois, an foirgneamh is sine a ndearnadh tochailt air laistigh de bhallaí meánaoiseacha na Gaillimhe.

T. 091 564 946

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
**01 Aibreán – 06 Samhain 2022**

## 79 | Oileán an Chuilinn

An Gleann Garbh, Beanntraí, Co. Chorcaí

**Gairdín oileánda ina bhfuil áilleacht uathúil**
Is gairdín oileánda é Oileán an Chuilinn a bhfuil neart seoda gairneoireachta agus ailtireachta uathúla le feiceáil ann.

T. 027 63040 / R. garinishisland@opw.ie

ÁISEANNA:

# 80 Ionad an Bhlascaoid Mhóir

Dún Chaoin, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann: **www.heritageireland.ie/ga/**

### An scéal a bhaineann le pobal uathúil oileánda

I nDún Chaoin, ag gob Leithinis an Daingin, tá ionad oidhreachta agus músaem uathúil. Píosa iontach ailtireachta ann féin, déantar cur síos in Ionad an Bhlascaoid ar scéal na mBlascaodaí agus dhaoine an phobail Ghaelaigh bhig a raibh an-teacht aniar iontu agus a raibh cónaí orthu ar na mBlascaodaí go dtí lár an 20ú haois.

Tabhair cuairt ar Ionad an Bhlascaoid Mhóir chun blaiseadh a fháil ar oidhreacht iontach mhuintir na mBlascaodaí agus déan tú féin a thumadh i gcroílár chultúr, theanga agus stair na hÉireann.

T. 066 915 6444 / R. blascaod@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 81 | Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Conamara – Teach an Phiarsaigh

Ros Muc, Co. Na Gaillimhe

**Teachín ar maos i gcultúr na nGael**
Is san áit seo a thóg Pádraig Mac Piarais, ceannaire éirí amach 1916, teach samhraidh dó féin.

T. 091 574292 / R. icpconamara@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
26 Bealtaine –
28 Meán Fómhair 2022

## 82 | Caisleán Lios Tuathail

An Chearnóg, Lios Tuathail, Co. Chiarraí

**Urdhún deireanach Mhuintir Mhic Gearailt**
Seasann Caisleán Lios Tuathail go hard ag féachaint amach ar an bhFéil, os cionn áth straitéiseach.

T. 086 385 7201 / R. listowelcastle@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
An bhliain ar fad

## 83 | Loch Goir

Imeall an Locha, Loch Goir, Co. Luimnigh

**9,000 bliain de lonnaíocht**
Ceann de na láithreáin oidhreachta is tábhachtaí in Éirinn buíochas le saibhreas seandálaíochta agus timpeallachta an cheantair.

T. 061 385 186 / R. info@loughgur.com

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
Caith súil, le do thoil, ar shuíomh gréasáin Oidhreacht Éireann:
**www.heritageireland.ie/ga/**

## 84 | Muilte Arbhair agus Lín an Mhuilinn Úir

Bóthar Mhín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall

**Déan oidhreacht tionsclaíochta Uladh a chíoradh**
Tá ceann de na rothaí uisce is mó sa tír atá fós ag obair ann.

T. 074 912 5115 / R. newmills@opw.ie

ÁISEANNA:

OSCAILTE:
04 Márta –
05 Samhain 2022

## 85 | Caisleán an Rois

Caisleán an Rois, Bóthar an Rois, Cill Airne, Co. Chiarraí

**Daingean cois locha atá ar maos le seanchas**
Tá Caisleán an Rois suite i ngóilín ar Loch Léin. Is cosúil gur thóg an taoiseach Gaelach Ó Donnchú Mór é sa chúigiú haois déag.

T. 064 6635851 / R. rosscastle@opw.ie

ÁISEANNA:

# 86 Lárionad Inis Cathaigh

Cill Rois, Co. an Chláir

OSCAILTE:

**26 Bealtaine – 21 Meán Fómhair 2022**

## Lorg Naomh Seanán

Amach ó bhruach thuaidh Inbhear na Sionainne tá Inis Cathaigh, áit ar thóg Naomh Seanán a mhainistir go luath sa séú haois. Bhí cloigtheach ollmhór mar chuid di, atá 36 méadar ar airde, ceann de na cinn is airde in Éirinn.

Tá fothraigh de shé theampall ar an suíomh chomh maith. Tá Teampall an Chnoic thuas ar thalamh ard, an áit, de réir an tseanchais, ar chuir aingeal Seanán ionas go n-aimseodh sé – agus ansin go ruaigfeadh sé – an ollphéist mhara uafásach, an Cathach.

Is féidir dul chuig an oileán ar thuras gearr báid, áit ar féidir leat taiscéaladh a dhéanamh ar a stair il-leibhéil 1500 bliain.

T. 087 995 8427 / R. scatteryisland@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:

**15 Bealtaine – 01 Deireadh Fómhair 2022**

## 87 | Sceilg Mhichíl

Co. Chiarraí

**Mainistir oileáin ina seasamh go hard os cionn na farraige**
Tá mainistir Naomh Fionán, ceann de na lonnaíochtaí is sine sa tír, suite ar mhullach na carraige maorga seo amach ó chósta Chiarraí.

R. opwskellig@opw.ie

ÁISEANNA:

---

OSCAILTE:

**24 Márta – 26 Deireadh Fómhair 2022**

## 88 | Mainistir Shligigh

Sráid na Mainistreach, Co. Shligigh

**Áit a mbaintear macalla as paidreacha na mbráithre i measc na bhfothrach**
Tá saibhreas mór sníodóireachta sa mhainistir Dhoiminiceach seo. Ina measc, tá dealbhóireacht tuamaí ón ré Ghotach agus ó ré na hAthbheochana.

T. 071 914 6406 / R. sligoabbey@opw.ie

ÁISEANNA:

# Eispéiris Leithleacha

## Nua do 2022

### Teach Bhaile an Chaisleáin

**Léiriú Príobháideach ar Bhailiúchán Mionphortráidí Éireannach**

Léiriú príobháideach "taobh thiar den rópa", ar Bhailiúchán Mionphortráidí Éireannach i Seomra Bhantiarna Chill Dara. Ba mhíreanna pearsanta iad an mhionsamhail agus an scáthchruth, a bronnadh go minic mar bhronntanas agus ba mhinic a úsáideadh iad mar chuimhneachán radhairc ar dhuine muinteartha, a d'fhéadfaí a iompar ar an duine mar sheodra. Tógfaidh do shaintreoraí pearsanta do ghrúpa ar thuras fionnachtana ar fud stair na hÉireann ó thréimhse chorrach an 17ú hAois chomh fada le só na heagnaíochta in Éirinn san 18ú hAois. Léargais ar stair, úinéirí (an teaghlach Conolly) agus seoda ealaíne ailtireachta agus maisiúla an eastáit.

### Caisleán Bhaile Átha Cliath

**Buail leis an gCoimeádaí agus tabhair faoi thaiscéalaíocht ar bhailiúchán Chaisleán Bhaile Átha Cliath**

Tá buaicphointí agus seoda atá i bhfolach ar an saol ag fanacht ort ar an gcuairt speisialta seo ar an gCaisleán, i gcuideachta coimeádaí saineolach. Ag tosú in Árasáin phálásta an Stáit, gheobhaidh tú léiriú príobháideach ar shaothair ealaíne agus ar ghnéithe ailtireachta tábhachtacha, lena n-áirítear portráid le Sir Anthony van Dyck, agus an tsíleáil phéinteáilte is tábhachtaí a tháinig slán in Éirinn ón 18ú hAois. Uaidh sin go dtí taobh istigh maorga an tSéipéil Ríoga, chun cuairt eisiach a thabhairt ar an ngailearaí, áit a bhfuil feistis veilbhite, fuinneoga daite mar a bheadh seoid agus réimse d'ornáidí dealbhóireachta.

## Caisleán Chill Chainnigh

### Bailiúcháin Urumhan

Cuirfidh Bainisteoir na nImeachtaí agus duine de na Treoraithe is mó a bhfuil taithí acu, Fáilte Uí Cheallaigh romhat, agus cuirfidh siad faoi gheasa tú le scéalta iontacha a bhaineann le teaghlach cumhachtach agus mór le rá de Buitléar. Is iomaí seoda atá i bhfolach ar an saol sa Chaisleán iontach seo, a bheidh ar fáil go heisiach dár n-Aíonna ar Eispéiris Leithleacha. Beidh roinnt píosaí an-speisialta ó Bhailiúchán Urumhan ar fáil duit le breathnú orthu sa 'Duchess Closest' den sciathán thiar. Beidh deis ag aíonna lámh a leagan ar roinnt píosaí, lena n-áirítear armra, grianghraif teaghlaigh, píosaí speisialta teaghlaigh agus fiú amháin roinnt bréagán leanaí ó naíolann an 19ú haois.

## Teach Farmleigh

### Buail leis an leabharlannaí agus tabhair faoi thaiscéalaíocht ar bhailiúchán Benjamin Guinness

Bain sult as tuiscint uathúil ar an stair i leabharlann álainn Theach Farmleigh, áit a raibh cónaí ar theaghlach cáiliúil grúdaireachta na hÉireann tráth. Tá breis agus 5,000 píosa sa bhailiúchán agus áirítear leo lámhscríbhinní agus leabhair uathúla Éireannacha den chuid is mó. I measc na lámhscríbhinní stairiúla sa bhailiúchán tá cur síos ar Éirinn ón 13ú haois, bunleabhar Gaeilge a ullmhaíodh don Bhanríon Eilís I. Déantar freastal ag gach mórscríbhneoir Éireannach sa bhailiúchán, ina measc James Joyce, Seamus Heaney, Samuel Beckett, Jonathan Swift, agus áirítear leis na céad eagráin de Ulysses agus Gulliver's Travels. Áirítear leis an eispéireas rochtain taobh thiar de na rópaí ar an teach.


**Ar mhaithe le breis eolais féach le do thoil ar:**
https://heritageireland.ie/visit/trade-groups/plan-your-itinerary/

# Láithreáin Oidhreachta
# Láithreacha

**Baile Átha Cliath** Féach an taobh eile

## Oirthear Ársa na hÉireann

22 Gairdíní Gharrán Áine
23 Gairdíní na Carraige
24 Caisleán Bhaile Hac
25 Cath na Bóinne
26 Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne – Sí an Bhrú agus Cnóbha
27 Caisleán na Cathrach
28 Teach agus Fearann Páirce Bhaile an Chaisleáin
29 Eastát Dhún ar Aill
30 Caisleán Dhún Garbhán
31 Dearc Fhearna
32 Cúirt Ioma
33 Caisleán Fhearna
34 Crannlann agus Gairdíní Fhóite
35 Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch
36 Gairdíní Haywood
37 Teamhair
38 Mainistir Sheireapúin
39 Prióireacht Cheanannais
40 Caisleán Chill Chainnigh
41 Loch Craobh
42 Caisleán Mhaigh Nuad
43 Garraithe Náisiúnta na Lus - Cill Mhochura
44 An tSeanmhainistir Mhór
45 Caisleán Urumhan
46 Túr Raghnaill
47 Carraig Phádraig
48 Ionad Oidhreachta Ros Cré – Caisleán Ros Cré agus Teach Damer
49 Teampall Mhuire Gabhrán
50 An Teachín Eilvéiseach
51 Crannlann agus Páirc Chuimhneacháin John F. Kennedy
52 Daingean an Phríomhgharda
53 Mainistir Tintern
54 Caisleán Bhaile Átha Troim





## Croílár Ceilte na hÉireann

55 Caisleán Bhaile Átha an Rí
56 Mainistir na Búille
57 Cluain Mhic Nóis
58 Ionad Cuairteoirí Chonair na Coirre Léithe
59 Teach Cogaidh an Ghorta, 1848
60 Caisleán an Aonaigh
61 Caisleán Parke
62 Caisleán agus Gairdíní Phort Omna
63 Ráth Cruachan

## Slí an Atlantaigh Fhiáin

64 Ardeaglais Ard Fhearta
65 Caisleán Eas Géitine
66 Caisleán Achadh na nIúr
67 Reilig Mheigiliteach na Ceathrú Móire
68 Achaidh Chéide
69 Daingean Rinn Chorráin
70 Teach Dhoire Fhíonáin
71 Caisleán Dheasumhan Áth Dara
72 Caisleán Iarla Dheasumhan, Cionn tSáile
73 Caisleán Dheasumhan – An Caisleán Nua Thiar
74 Caisleán Dhún na nGall
75 Dún Aonghasa
76 Mainistir na hInse
77 Teach agus Gailearaí Gléibe
78 Halla an Iarla Dheirg
79 Oileán an Chuilinn
80 Ionad an Bhlascaoid Mhóir
81 Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh Conamara – Teach an Phiarsaigh
82 Caisleán Lios Tuathail
83 Lough Goir
84 Muilte Arbhair agus Lín an Mhuilinn Úir
85 Caisleán an Rois
86 Lárionad Inis Cathaigh
87 Sceilg Mhichíl
88 Mainistir Shligigh




## Baile Átha Cliath

01 Áras an Uachtaráin
02 Reilig Chnoc an Arbhair
03 Casino Marino
04 Ionad Cuairteoirí Theach an Chustaim
05 Caisleán Bhaile Átha Cliath
06 Teach agus Eastát Farmleigh
07 An Gairdín Cuimhneacháin
08 Tithe an Rialtais
09 Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin
10 Gairdíní Náisiúnta Cuimhneacháin Cogaidh na hÉireann
11 Gairdíní Uíbh Eachach
12 Príosúin Chill Mhaighneann
13 Garraithe Náisiúnta na Lus
14 Iarsmalann an Phiarsaigh – Páirc Naomh Éanna
15 Páirc an Fhionnuisce
16 Páirc an Fhionnuisce – Gairdíní Bláthanna an Phobail
17 Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce – Caisleán Bhaile an Ásaigh
18 Caisleán Ráth Fearnáin
19 An tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann
20 Eaglais San Audoen
21 Faiche Stiabhna

OPW

**Oidhreacht na hÉireann**
**Oidhreacht Náisiúnta na hÉireann faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí**

Agus os cionn 80 áit iontach le cuairt a thabhairt orthu, beidh eachtraíocht romhat i gcónaí. Tá go leor le tairiscint ag oidhreacht na hÉireann do gach duine, idir séadchomharthaí ársa agus tearmainn mhainistreacha agus idir caisleáin mhaorga agus láithreacha troda réabhlóideacha. Lean lorg na mílte taistealaí ar thuras go dtí saol éachtach na hÉireann san am atá caite.

www.heritageireland.ie/ga/